**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000011/2022**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Sabine Verheyen**
thar ceann an Choiste um Chultúr agus um Oideachas

Ábhar: An Limistéar Eorpach Oideachais a bhunú faoi 2025 – micridhintiúir, cuntais foghlama aonair agus foghlaim le haghaidh comhshaol inbhuanaithe

1. Conas a chinnteoidh an Choimisiún go dtiocfaidh na moltaí ábhartha ón gComhairle agus tionscnaimh eile le chéile chun Limistéar Eorpach Oideachais a chruthú a bheidh infheicthe go soiléir agus comhleanúnach, lena n-áirítear conairí foghlama solúbtha, ardcháiíochta do shaoránaigh AE?

2. An bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún aitheantas ar thaithí foghlama neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta a chur chun cinn, amhail obair dheonach agus obair don óige trí mhicridhintiúir? An réiteoidh sé sin an bealach do chreat le haghaidh aitheantas agus aistriú uathoibríoch scileanna agus inniúlachtaí a shealbhaítear tríd an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus sheachfhoirmiúil?

3. An gcuirfidh na Ballstáit straitéisí san áireamh sna pleananna a thíolacfaidh siad chun micridhintiúir a dhéanamh ábhartha agus inrochtana dóibh siúd is gnáth a fhágtar ar deireadh?

4. Creidimid go bhfuil foghlaim ar feadh an tsaoil ríthábhachtach d‘fhorbairt agus do dhea-bhail phearsanta agus do shoghluaisteacht shóisialta aníos. Conas a chinnfear na roghanna is ceart do gach duine gan deireadh a chur le roghanna malartacha a bhféadfaí a mheas ar dtús nach bhfuil siad oiriúnach?

5. An ndéanfaidh an Coimisiún macasamhail den tsamhail phíolótach rathúil a chur ar bun a úsáideadh chun tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha a sheoladh ar mhaithe leis na Ballstáit a spreagadh le hiarrachtaí suntasacha reachtacha agus riaracháin a dhéanamh chun micridhintiúir a ghlacadh mar uirlis Eorpach chun torthaí foghlama a dheimhniú?

6. Cad a dhéanfaidh na Ballstáit leis an tacaíocht ón gCoimisiún chun cur chuige comhleanúnach a fhorbairt agus chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach? An mbeidh maoiniú agus tacaíocht leordhóthanach ann chun inbhuanaitheacht a leabú i ngach próiseas agus chun athrú córasach a bhaint amach ar an oideachas agus ar an oiliúint?

7. Cad atá á dhéanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun an t-eolas, na dearcthaí agus na scileanna is gá a fhorbairt laistigh den Limistéar Eorpach Oideachais chun pleananna uaillmhianacha a chur i gcrích le hoidhreacht shaibhir chultúrtha na hEorpa a chosaint ar bhealach níos fearr ar thionchar an athraithe aeráide agus chun roghanna níos glaise a dhéanamh d’fhoirgnimh chultúrtha nua?

Curtha síos: 23.3.2022

Spriocdháta i gcomhair freagra: 24.6.2022